



CALAFORT

— NA GAILLIMHE —

G A I L L I M H • É I R E

Fís le haghaidh fearann cathrach nua

RESIDENTIAL | OFFICE | RETAIL | LEISURE | HOTEL | CULTURE

TITHÍOCHT | OIFIG | MIONDÍOL | FÓILLÍOCHT | ÓSTÁN | CULTÚR



Tionscadal Éireann
Project Ireland

2040



RESIDENTIAL

TITHÍOCHT



LEISURE

FÓILLÍOCHT



OFFICE

OIFIG



HOTEL

ÓSTÁN



RETAIL

MIONDÍOL



CULTURE

CULTÚR



CALAFORT

— NA GAILLIMHE —

GAILLIMH · ÉIRE

CLÁR

▶ Réamhrá	4
▶ Achoimre Feidhmiúcháin	6
▶ Gaillimh mar cheann scríbe	12
▶ Iompar	14
▶ Calafort na Gaillimhe – Gearrchuntas Staire	16
▶ Calafort na Gaillimhe 2021	18
▶ An Fhís	22
▶ Leagan Amach Féideartha	26
▶ Pleanáil	28
▶ Páirceanna, Fearann Poiblí agus Spás Oscailte	30
▶ Inmharthanacht	34
▶ Meascán Féideartha Foirgneamh	36
▶ Céimeanna agus Amscála	38
▶ Teistiméireachtaí	42
▶ Foireann an Tionscadail & Faisnéis Bhreise	44



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



GAILLIMHE

— CALAFORT —

GAILLIMH · ÉIRE

*Mar áis tháscach amháin.
Faoi réir cead pleanála.*

RÉAMHRÁ

Tá an cháipéis seo ullmhaithe ag Comhlacht Chalafort na Gaillimhe agus leagtar amach inti creat agus fíis maidir le fearainn láir an chalafoirt a fhorbairt.

www.galway-harbour.com

Is ionann an cháipéis seo agus an fhís atá ag Comhlacht Chalafort na Gaillimhe maidir leis an gcaoi a bhfeictear go mbainfear leas as fearainn láir an chalafoirt san am atá romhainn chun sochair do Chathair na Gaillimhe agus do shaoránaigh na cathrach. Fís de chuid Chomhlacht Chalafort na Gaillimhe atá ann seachas plean reachtúil.

Déantar foráil san fhís do limistéar uirbeach ilchineálach a chuirfidh le ról buntábhachtach lár na cathrach agus a threiseoidh leis sin.

Aonaid chónaithe agus oifigí/fostaíocht is ea na cineálacha úsáide is mó atá á mbeartú, chomh maith le réimse fochineálacha úsáide amhail óstán, fóillíocht, cultúr, spás poiblí ilúsáide agus seirbhísí áitiúla.

Is é an príomhchuspóir atá againn creat neamhreachtúil a leagan amach don athfhorbairt ar fhearainn láir an chalafoirt. I bhfianaise achar mór talún a bheith i gceist, is dócha go leanfaidh an athfhorbairt ar limistéar iomlán fhearainn láir

an chalafoirt go ceann tréimhse ama agus, dá bhrí sin, is féidir meascán na gcineálacha úsáide a athrú lena linn sin má thagann athrú ar riachtanais na cathrach.

Tá Comhlacht Chalafort na Gaillimhe ag céim fhorbartha den phleanáil maidir le hathlonnú agus síneadh an chalafoirt reatha. Saoráid nua-aimseartha, inmharthana a bheidh sa chalafort nua, a bheidh nasctha go maith leis an Eoraip agus le háiteanna níos faide i gcéin, agus a mbeidh rochtain réidh aige ar naisc nua-aimseartha iarnróid, mótarbhealaigh agus teileachumarsáide. Cumasóidh sé insuiteáil agus seirbhísí fuinnimh gaoithe amach ón gCósta Thiar chomh maith.

Cé go bhféadfaí roinnt d'fhearainn láir an chalafoirt a fhorbairt sa ghearrthéarma, tá an fhorbairt ar an gcuid is mó ag brath ar thoradh rathúil ar an iarratas atá déanta ar chead pleanála maidir le síneadh nua a chur leis an gcalafort. Fágfaidh an cead sin gur féidir mar a bheadh calafort nua ann a thógáil taobh amuigh de Pháirc Fiontraíochta an Chalafoirt mar atá ar fáil

faoi láthair, rud a d'fhágfadh iomlán fhearainn láir an chalafoirt ar fáil le hathfhorbraíocht a dhéanamh orthu. Thabharfaí, dá réir sin, deis limistéar uirbeach suntasach nua a chruthú cóngarach do lár na cathrach agus do phríomhnóid chóras iompair phoiblí na mbusanna agus an iarnróid. Is rímhór an tairbhe a d'fhéadfadh forbairt den scála sin, i suíomh chomh lárnach, a dhéanamh do thodhchaí chathair na Gaillimhe. Chomh maith le tithíocht agus ionaid fostaíochta a chur ar fáil, ciallóidh an athfhorbairt ar fhearainn láir an chalafoirt go n-osclofar limistéir fhairsinge caitheamh aimsire ar aghaidh an uisce, chomh maith le spásanna poiblí ilúsáide i lár na cathrach. Beidh síneadh freisin leis an 'mbealach glas' ar imeall an uisce idir an Phromanáid agus an Pháirc Theas, ón bPóirse Caoch go dtí an Rinn Mhór. Beidh, dá bhrí sin, fairsingiú mór ar an bhfearann poiblí i limistéar lár na cathrach de thoradh ar an gcreat nua seo.

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN



SCÁLA

7.6 Heicteár (18.8 Acra) le hacmhainneacht forbraíochta ar Ollachar Urláir tuairim is 130,000 méadar cearnach (1,400,000 troigh chearnach)



AIRDE

6 - 8 stór den chuid is mó le foirgnimh idir 2 stór agus 14 stór i bhfoirgneamh sainchomhartha



FÓILLÍOCHT

Páirceanna, clós súgartha, gníomhaíochtaí fóillíochta mara agus bealaí fairsinge siúil agus rothaíochta, lena n-áirítear raon reatha



FOSTAÍOCHT

Tacóidh an fhorbairt le fostaíocht áitiúil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma



INMHARTHANACHT

Arna fhorbairt ar an gcaighdeán is airde le béim ar chúrsaí inmharthanachta agus ar éifeachtúlacht fuinnimh



TRÉSCAOILTEACHT

Bealaí nua rothaíochta, páirceanna agus áiseanna poiblí ag nascadh Calafort na Gaillimhe leis an gceantar mórthimpeall




MEASCÁN ÚSÁIDE

An meascán cineálacha úsáide atá beartaithe: 39% Tithíocht, 58% Tráchtáil, 3% Taispeántas / Imeachtaí



TITHÍOCHT

Tionacht éagsúil ag freagairt do riachtanais tithíochta



CULTÚR

Spás ilfheidhme imeachtaí nua do Chathair na Gaillimhe oiriúnach do chruinnithe, comhdhálacha, imeachtaí cultúrtha agus féilte mara



BEARTAS PLEANÁLA

Tá an fhís do na fearainn seo ag teacht leis an mbeartas pleanála áitiúil agus leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (CNP)



FEARANN POIBLÍ

An acmhainneacht le haghaidh níos mó ná 22,300 méadar cearnach (5.5 Ac) d'fhearann poiblí nua (tuairim is 30% de limistéar an tsuímh) ar imeall an uisce den chuid is mó



CÉIMNITHE

Forbairt chéimnithe faoi threoir pleanála


SEOÍ GAILLIMH



CALAFORT

— NA GAILLIMHE —

GAILLIMH · ÉIRE



N59

Loch Coirib

N59

R338

N6

Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe

Músaem Geolaíochta James Mitchell

OÉ Gaillimh

Coláiste Mhuire

Ardeaglais na Gaillimhe

N6

N6

Abhainn na Gaillimhe

Ionad Siopadóireachta na Coiribe

Lár na Cathrach

An Fhaiche Mhór

Amhantrach na Canála



Stáisiún Traenach na Gaillimhe

An Pháirc Theas

“ Cathair nua-aimseartha atá faoi bhláth í Cathair na Gaillimhe, agus tá sí ar cheann de na háiteanna is fearr in Éirinn le cónaí agus le hobair inti ”



GAILLIMH MAR CHEANN SCRÍBE

CÉN FÁTH GAILLIMH?

Cathair nua-aimseartha atá faoi bhláth í Cathair na Gaillimhe, ceann de na cathracha is mó fáis san Eoraip agus ceann de na háiteanna is fearr in Éirinn le cónaí agus le hobair inti.

Cathair bhríomhar dhátheangach í Gaillimh lena mbaineann cuid mhór éagsúlachta. Tá sí ar an ionad uirbeach is mó in iarthar na tíre agus tá tábhacht mhór léi dá réir maidir le forbairt gheilleagrach agus acmhainn iomaíochta ar fud an réigiúin.



AN DAONRA

Tá isteach is amach le 80,000 duine ina gcónaí i gCathair na Gaillimhe; cónaíonn 60,000 duine eile i bhfoisceacht turas bóthair 30 nóiméad den chathair.



IOMPAR

Tá seirbhísí maithes traenach go Gaillimh agus fágann an feabhas ar ghréasán na mótarbhealaí gur féidir taisteal go tapa agus go furasta go dtí Baile Átha Cliath, Luimneach, Aerfort na Sionainne agus níos faide ó bhaile.

Tá Gaillimh i bhfoisceacht uair an chloig tiomána de dhá aerfort idirnáisiúnta ónar féidir eitilt go díreach go dtí Meiriceá Thuaidh, an Ríocht Aontaithe agus an Eoraip.

Agus í ina cathair is faide siar san Eoraip, tá sí ar an gcathair is gaire do Mheiriceá Thuaidh freisin. Ós féidir cead imirce go dtí na Stáit Aontaithe a fháil ag Aerfort na Sionainne, tá Gaillimh níos lú ná uair an chloig den teorainn leis na Stáit Aontaithe.



NASCACHT

Taisteal aeir agus cumarsáid gan sreang - dhá ní a théann i bhfeidhm go mór ar an gcaoi a ndéanaimid gnó sa lá atá inniu ann - ba i nGaillimh ba luaithe a tharla gnéithe tábhachtacha ina leith san Eoraip.

- Sa bhliain 1907, ba i Stáisiún Raidió Marconi a seoladh agus a fuarthas na chéad teachtaireachtaí tráchtála gan sreang anonn agus anall trasna an Atlantaigh.
- Sa bhliain 1919, tháinig an chéad eitilt thrasatlantaigh chun talún i gConamara.

Tá ceangal ardluais idirlín, le sreang agus gan sreang, ar fáil go forleathan i gCathair na Gaillimhe agus i mbailte móra an chontae agus tá scéim leathanbhanda le cúnamh an rialtais á cur i bhfeidhm i gceantair tuaithe ar fud an chontae.

“ Is cathair bhríomhar, dhátheangach, ilghnéitheach í Gaillimh agus is í an lárionad uirbeach is mó in iarthar na hÉireann ”



OIDEACHAS & FOSTAÍOCHT

Is cathair Ollscoile í Gaillimh ina bhfuil lucht saothair sáraithe agus ildánach. Tá Gaillimh ar an dara cathair is mó in Éirinn maidir le sciar an daonra a bhfuil bunchéimeanna agus céimeanna dochtúra acu.

Is mic léinn iad 28% de dhaoine Chathair na Gaillimhe. Le líon níos mó ná 22,500 mac léinn, tá oideachas maith agus sáraithe ar an lucht saothair i nGaillimh, daoine a meallann meon láidir fiontraíochta agus slí mhaireachtála na cathrach iad.

Oibríonn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Mhaigh Eo go dlúth le fostóirí an cheantair chun a chinntiú go mbíonn oideachas eolaíochta, innealtóireachta agus bithleighis den chéad scoth ar fáil agus atá oiriúnach dá gcuid riachtanas.

Tá infreastruchtúr tréan sochóirithe maidir le foghlaim fad saoil curtha ar bun ag na forais oideachais tríú leibhéal i nGaillimh agus ag an mBord Oideachais agus Oiliúna, trína gcothaítear comhoibriú gníomhach an fhostóra agus an fhostaí i bhfoghlaim scileanna.

Is lárionad sárfheabhais domhanda í Gaillimh maidir le cuideachtaí teicneolaíochta leighis, seirbhísí TF agus earnáil na mara agus tá infreastruchtúr bríomhar bisiúil ann maidir le comhlachtaí nua-thionscanta.



TIONSAIL MHÓRA

Tá tairbhe bainte ag comhlachtaí seanbhunaithe ilnáisiúnta as dúthracht agus díocas lucht saothair ildánach na Gaillimhe.

Tá 4 cinn de na 5 chomhlacht TFC is mó ar domhan – IBM, SAP, Oracle agus Cisco – bunaithe i nGaillimh.

Tá caidreamh ar bun leis na forais oideachais, leis an rialtas áitiúil agus le gníomhaireachtaí stáit, óna n-eascaíonn meon tréan an chomhair agus tairbhe dá réir ag an bpobal ar fad. Tarraingítear comhlachtaí nua mar gheall ar an lucht saothair cumasach, a fhuirtear atá cúrsaí taistil agus an tslí mhaireachtála.



CAIGHDEÁN AN tSAOIL

Díol mór suntais is ea caighdeán an tsaoil i nGaillimh

Tá ábhar spreagtha i saol na cathrach is faide siar san Eoraip ach is áit shocair shuaimhneach í chomh maith. Bíonn sí beoga bríomhar nuair is é sin atá uait, ach ligtear duit cultúr agus fuinneamh na cathrach a shú isteach de réir mar is toil leat féin.

Leis an oidhreacht shaibhir chultúrtha agus an ceantar tuaithe faoi leith máguaird – Gaeltacht Chonamara siar ón gcathair, taobh tíre spéisiúil Bhoirne ó dheas – aithnítear Gaillimh le fada an lá mar phríomhchathair chultúir na hÉireann. Tugadh aitheantas oifigiúil dó sin nuair a ainmníodh Gaillimh ina Príomhchathair Chultúir na hEorpa don bhliain 2020.

Ón iasacht níos mó ná 20% den daonra, iad á mealladh ag obair, foghlaim agus maireachtáil ar bhealach níos sócúlaí, gan an oiread taistil ag dul chuig an obair agus gan an oiread costais.

Chomh maith le Gaillimh a bheith ina Cathair Scannánaíochta ag UNESCO, ainmníodh ar an gCathair is Muinteartha ar Domhan í san iris Travel & Leisure sa bhliain 2015.

Bronnadh Duilleog Ghlas an AE ar Ghaillimh sa bhliain 2017 maidir le cúrsaí timpeallachta agus ainmníodh ina Réigiún Eorpach Gastranamaíochta í sa bhliain 2018.

Tá Gaillimh leath bealaigh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus baintear an-leas as an taobh tíre sciamhach sceirdiúil i mbun gníomhaíochtaí amuigh faoin spéir.

Tá meascán taitneamhach idir éagsúlacht ilchineálach agus cultúr dúchais an réigiúin i nGaillimh.

I bhfianaise sin uile, is tarraingteach an áit í Gaillimh do dhaoine chun cónaí inti agus is maith a chruthaítear go leanfar ag mealladh daoine cumasacha as gach áit ar domhan chun a saol a chaitheamh inti.



**Galway
2020
Gaillimh** **European
Capital
of Culture**



IOMPAR

Tá socraithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe gur gá faoiseamh ó bhrú tráchta a thabhairt i gcrích ionas gur féidir bearta níos stuama maidir le gluaiseacht agus iompar poiblí a chur i bhfeidhm, mar shampla BusConnects, lena mbaineann gréasán áiseanna páirceála agus taistil.

Is bunghné agus dlúthchuid den fhís fhoriomlán slánchóiriú a thabhairt ar mhodhanna gluaiseachta agus ar an bhfearann poiblí ar fud na cathrach.

Sonraítear i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 na Príomhbhealaí Rothaíochta agus na Bealaí Glasa atá ar fáil faoi láthair agus na cinn atá beartaithe i lár na cathrach agus sa cheantar máguaird.


Molaimid go ndéanfar ceangal a chruthú leis na bealaí sin agus síneadh a chur astu isteach i Limistéar an Chalafoirt. Tá deis ar an gcaoi sin ceangal leis na príomhbhealaí rothaíochta isteach go lár na cathrach agus thart ar an gcathair.

“Is bunghné agus dlúthchuid den fhís fhoriomlán slánchóiriú a thabhairt ar mhodhanna gluaiseachta agus ar an bhfearann poiblí ar fud na cathrach”



SOGLHUAISTEACHT

- In aice le moil iompair phoiblí na Gaillimhe
- Rothaíocht
 - nascann sé le bealaí rothaíochta reatha agus beartaithe
 - soláthar rathaí rothar agus comharscéimeanna rothar
- Bealaí fairsinge coisithe agus soláthar raon reatha
- Soláthar áiseanna luchtaithe feithiclí leictreacha agus an fhéidearthacht soláthar a dhéanamh do sheirbhísí roinnte carranna.



PÁIRCEÁIL CARRANNA

Limistéar cathrach taitneamhach inmharthana atá san fhís, agus tugtar tús áite don choisíocht agus don rothaíocht. Cuirfear dóthain spásanna páirceála ar fáil chun soláthar do riachtanais dóchúla áitritheoirí amach anseo.

BUSCONNECTS NA GAILLIMHE

Le BusConnects na Gaillimhe, tabharfar gréasán stuama i gcrích de chúig cinn de bhealaí éifeachtúla trasna na cathrach. Beidh na bealaí ar fad ag freastal ar phointí mórtábhachta i lár na cathrach chomh maith le ceangal a dhéanamh le pointí tábhachtacha eile ar fud na cathrach. Beidh láná bus den chéad ghlúin eile, seirbhísí forfheabhsaithe, ioc gan airgead tirim agus ticéid bunaithe ar chuntais i gceist le BusConnects na Gaillimhe. Mar chuid den chlár oibre, cuirfear gréasán áiseanna páirceála agus taistil ar fáil, a ndéanfar freastal orthu leis an gcóras busanna níos éifeachtúla. Beidh obair fheabhsúcháin ar ghnéithe den fhearann poiblí i lár na cathrach i gceist le clár BusConnects na Gaillimhe freisin, rud a chuirfidh le gach turas agus le taitneamhacht lár na cathrach.

BEALACH GLAS

Déantar soláthar san fhís don 'Bhealach Glas' atá á fhorbairt idir Órán Mór agus Bearna, chomh maith leis na príomhbhealaí rothaíochta feadh Abhainn na Gaillimhe agus Loch an tsáile.





CALAFORT NA GAILLIMHE

GEARRCHUNTAS STAIRE

Téann Calafort na Gaillimhe mar atá faoi láthair chomh fada siar leis an mbliain 1832, nuair a thóg na Coimisinéirí Cuain an chéad Dug Tráchtála. Rinneadh forbairt bhreise ar na duganna le himeacht céad bliain ina dhiaidh sin, agus talamh tirim á dhéanamh de réimse níos fairsinge den fharraige de réir a chéile.

Bhí an ghnáthobair i gceantar an chalafoirt ceangailte leis na duganna, oibreacha gáis, clóis ghuail agus stórtha ábhar gránach / leasaithe, etc. chomh maith le taobhlach iarnróid ceangailte leis an bpríomhlíne iarnróid chun lastas a iompar.

Le fiche bliain anuas, áfach, tá cuid mhór de na cineálacha úsáide sin imithe i léig agus forbairt déanta ar árasáin agus ar oifigí ar an taobh thiar agus an taobh ó dheas de na duganna. Tá an Harbour Hotel agus árasáin anois ar an suíomh ina mbíodh an stór gránach idir na duganna agus fearainn an Chalafoirt ar an gceann thoir. Rinneadh Bóthar na Long a thógáil mar thrébhóthar idir Bóthar Loch an tSáile agus Bóthar na nDuganna. Tá gníomhaíochtaí an chalafoirt á leathnú le Bóthar Loch an tSáile agus níos faide soir leis an bhforbairt ar Pháirc Fiontraíochta Chalafort na Gaillimhe.

“ Tá fearainn fhairsinge tráchtála, roinnt a bhfuil an úsáid tráchtála imithe i léig, ar fáil ag Calafort na Gaillimhe inar féidir ceantar buntábhachtach nua forbraíochta a chruthú ”



GEARRCHUNTAS STAIRE TRÍ NA CÉADTA

AN 12ú CÉAD	TEACHT NA NORMANNAIGH	CAISLEÁN AN RÍ
		Sa bhliain 1124, thóg Toirdhealbhach Mór Ua Conchobhair, Rí Chonnacht, caisleán a bheadh ina dhúnphort straitéiseach aige ar láthair ar dócha baile beag iascaireachta a bheith ann roimhe sin.
		AN 13ú CÉAD
AN 14ú CÉAD	CALAFORT TÁBHACHTACH	CALAFORT FAOI RATH
		D’fhág tráchtáil leis an bhFrainc, le Flóndras agus leis an Iodáil gur cuireadh le stádas na Gaillimhe mar chalafort tábhachtach agus, sa bhliain 1380, thug Richard II cead tráchtáil a dhéanamh idir Gaillimh agus an Ibéir.
		AN 15ú CÉAD
AN 16ú CÉAD	TEACHT ANIAR	DUL AR gCÚL
		Sa 16ú céad bhí Gaillimh i mbarr a réime mar chalafort mara ach tháinig meath ina dhiaidh sin leis an gcogaíocht in aimsir Chromaill agus Rí Liam, tuile agus trá den chineál a bhí i ndán maidir le cúrsaí geilleagrach sa chathair ó shin amach.
		AN 18ú CÉAD
AN 19ú CÉAD	LÍNÉIR TRASNA AN ATLANTAIGH	CATHAIR AN LAE INNIU AG TEACHT CHUN CINN
		Tháinig an forás ba leithne fós ar an gcathair agus tugadh cathair na linne seo chun cinn. Rinneadh forbairt ar shráideanna, ar thithe na gceannaithe, ar shéipéil, ar an ollscoil agus ar Theach na Cúirte, agus tionscail bunaithe ar uisce ina bhonn treise faoi sin tar éis dug nua a fhorbairt sa bhliain 1842 agus córas na gcanálacha a oscailt sa bhliain 1852. Tosaíodh sa bhliain 1880 ar shoithigh mhóra ag tráchtáil de réir sceideal seoltóireachta agus rinneadh Dug Dhún Aonghasa a fhorbairt sa bhliain 1882.
		AN 20ú CÉAD
1964	AN PHÁIRC FIONTRAÍOCHTA	TÚS AN 20ú CÉAD
		FORBAIRT AR AN DUG TRÁCHTÁLA
		Sa bhliain 1964, rinneadh doimhniú agus forbairt ar an Dug Tráchtála.
1994	AN RÁS AIGÉIN AR AIS ARÍS	1994
		AN 21ú CÉAD
		PLEANÁIL MAIDIR LE LEATHNÚ AN CHALAFORT
2000	MUIRÍNE NUA	Cuireadh tús le planáil maidir leis an gcalafort a leathnú.
		2008
		STAD AN RÁS AIGÉIN
2009	ÉISTEACHT MAIDIR LE LEATHNÚ AN CHALAFORT	Sa bhliain 2009, aistríodh na tancanna ola go dtí an Pháirc Fiontraíochta. Sa bhliain 2009 freisin, bhí an calafort ina stad mar chuid den Rás Aigéin.
		2012
		WIORA
2013	TEACHT ORIANA	Reáchtáladh WIORA (Rásaíocht Iarthar na hÉireann ar an Meá Mhór) sa Chalafort.
		2015
		SEAFEST, LÉ AISLING & LÉ W.B. YEATS
2016	DÍCHOIMISIÚN NA SADHLANN OLA	Eagraíodh Seafest ag an gcalafort, ócáid a tharraing 60,000 duine chuig céibheanna na cathrach. Roghnaíodh Gaillimh le haghaidh WIORA arís. I mí an Mheithimh, rinneadh díchoimisiúnú ar an LÉ AISLING ag searmanas ag Céibh Uí Mhaoilbhuaidh. I mí Dheireadh Fómhair, rinneadh an LÉ W.B. Yeats, an soitheach is déanaí de chuid an chablaigh Éireannaigh, a choimisiúnú sa chalafort.
		2017




Mar áis tháscach amháin,
faoi réir cead pleanála.

“Tugann an cháipéis físe
seo deis sa chéad limistéar
uirbeach inmharthana nua
a chruthú”

AN CALAFORT LÁIR

Tugann fearainn an chalafoirt láir deis limistéar inmharthana nua cathrach a chruthú idir lár na cathrach agus bruach na mara ina mbeidh meascán cineálacha úsáide agus fearann poiblí ar ardchaighdeán. Beidh Calafort na Gaillimhe mar áit tharraingteach do dhaoine chun cónaí nó obair i lár na cathrach, le ceangal maith iompair phoiblí agus gan mórán gá le carranna príobháideacha.



CALAFORT NA GAILLIMHE 2021

Tá Calafort na Gaillimhe cóngarach don cheantar stairiúil i lár chathair na Gaillimhe, mar a bhfuil réimse leathan de chineálacha agus úsáidí éagsúla foirgneamh i gceantar dlúth lár na cathrach traidisiúnta.

I gcodarsnacht leis an dlús foirgníochta i gceantar lár na cathrach, tá fearainn fhairsinge tráchtála, roinnt a bhfuil an úsáid tráchtála imithe i léig, ar fáil ag Calafort na Gaillimhe. Cruthófar ann ceantar buntábhachtach nua forbraíochta ina mbeidh cóiríocht nua-aimseartha cóngarach do lár na cathrach, agus cruthófar ceangal idir lár na cathrach agus aghaidh na farraige.



Mar áis tháscach amháin, faoi réir cead pleanála.



AN CALAFORT Á ATHSHAMHLÚ



CALAFORT

NA GAILLIMHE


GAILLIMH · ÉIRE

“ Tá sé mar fhís againn Calafort na Gaillimhe a fhorbairt ina chomharsanacht shainiúil, bhríomhar i lár na cathrach ”


AN FHÍS

D’fhostaigh Comhlacht Calafort na Gaillimhe (‘GHC’) an comhlacht ailtireachta Scott Tallon Walker chun plan cuimsitheach a ullmhú don fhorbairt amach anseo ar fhearráin láir an chalafoirt mar aon leis an bhforbairt maidir le leathnú an chalafoirt na Gaillimhe.

Tá de chuspóir leis sin go réiteofaí an bealach d’fhorbairt an Chalafoirt Láir ina chomharsanacht shainiúil bhríomhar i lár cathrach inar féidir le daoine oibriú, maireachtáil agus spraoi a dhéanamh i bhfoirgnimh dhea-dheartha agus i bhfearann poiblí ardchaighdeán atá ceangailte le lár na cathrach. Leis an bhforbairt ar an gCalafort Láir, cruthófar limistéar tarraingteach, inmharthana, uirbeach agus ceann scríbe i lár na cathrach. Déanfar é a fhorbairt de réir na bprionsabail pleanála maidir le réimse uirbeach inmharthana agus cuirfear an plan i bhfeidhm le himeacht aimsire de réir mar a bhíonn gnóthaí calafoirt á n-aistriú agus suíomhanna ar fáil.



Mar áis tháscach amháin. Faoi réir cead pleanála.



MEASCÁN
CINEÁLACHA ÚSÁIDE





INMHARTHANACHT



FEARANN
POIBLÍ



CÚRSAÍOCHT &
GLUAISEACHT



AN FHÍS FHORIOMLÁN



Limistéar inmharthana ilúsáide uirbeach a chruthú

Limistéar inmharthana ilúsáide uirbeach a chruthú, áit chónaithe, oibre agus spraoi, lárnach i saol na cathrach agus i maireachtáil sa chathair.



Spás suaimhnis a chruthú don chathair

Spás suaimhnis a chur ar fáil don chathair tríd an gcalafort a oscailt mar fhearann poiblí agus spás imeachtaí, trí lár na cathrach a shíneadh chomh fada le Calafort na Gaillimhe agus trí 'cheangail ghlasa/ghorma' a chruthú le cosáin agus le bealaí rothaíochta taobh leis an abhainn agus le bruach na farraige.



Spás ilfheidhme imeachtaí a chur ar fáil

Spás suntasach ilfheidhme imeachtaí a chur ar fáil a bheadh oiriúnach do chruinnithe, do chomhdhálacha agus do thaispeántais i gceartlár na Gaillimhe. Treiseoidh spás ilfheidhme imeachtaí le Gaillimh mar lárionad tráchtála in iarthar na tíre agus cuirfear le clú idirnáisiúnta na Gaillimhe do lucht féachana idirnáisiúnta.




Pleanáil le haghaidh fás solúbtha, inoiriúnaithe

Pleanáil le haghaidh fás solúbtha, inoiriúnaithe, le plotaí agus blocanna forbartha trínar féidir soláthar do chineálacha éagsúla úsáide, agus éifeachtúlacht a uasmhéadú.



An gá le gluaiseacht feithiclí a íoslaghdú

An gá le gluaiseacht feithiclí, agus an t-éileamh ina leith sin, a íoslaghdú trí fhoráil do mheascán cineálacha úsáide, le soláthar páirceála atá sochóirithe de réir mar a thagann athrú ar nósanna na ndaoine agus de réir mar a thagann modhanna taistil níos fearr chun tosaigh, agus soláthar cuimsitheach racaí rothar agus áiseanna comhroinnte rothar ar fud na forbraíochta.



Ídiú fuinnimh a íoslaghdú

Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a laghdú an oiread agus is féidir trí bhearta éagsúla, foirgnimh atá neodrach ó thaobh fuinnimh (NZEB) nó a leithéid san áireamh.



An dúlra agus an bhitheagsúlacht a thabhairt ar ais

Gnéithe den dúlra agus den bhitheagsúlacht a thabhairt ar ais le ceangail nádúrtha le Loch an tSáile agus bogaigh in aice láimhe.



Mar áis tháscach amháin. Faoi réir cead pleanála.

LEAGAN AMACH FÉIDEARTHA

D'fhonn limistéar uirbeach nua bríomhar a chruthú, beartaítear sraith de bhlocanna nua uirbeacha le gréasán sráideanna intráchtacha a cheanglóidh Calafort na Gaillimhe le forbraíochtaí in aice láimhe (idir lámha agus beartaithe), mar shampla Cé na mBanbh agus Cnoc Aibhistín (suíomh Stáisiún Ceannt). Tá na foirgnimh suite isteach ó bhruach na mara ionas go gcruthaítear fearann poiblí ar ardchaighdeán. Beidh páirceanna agus áiseanna taitneamhachta nua á bhforbairt thart ar na duganna agus idir na blocanna do na háitritheoirí agus do Chathair na Gaillimhe ar fad.

Coinneofar an bloc mór árasán (Cé na Mara) agus an Harbour Hotel mar atá. Beartaítear éadanas gníomhach ar urlár na talún taobh leis na duganna le meascán idir oifigí agus aonaid chónaithe os a chionn sin.

Baineann an struchtúr uirbeach le teorainneacha na suíomhanna mar atá ar na dugthailte faoi láthair ionas gur féidir forbraíocht a dhéanamh ina chéimeanna agus teacht le struchtúr uirbeach lár na cathrach mar atá faoi láthair.



CEANTAIR NUÁLAÍOCHTA

I gceantar nuálaíochta, cruinníonn forais agus comhlachtaí bisiúla le chéile le comhlachtaí nuathionscanta, gorlanna agus luaslanna fiontraíochta. Bíonn an ceantar dlúth, cóiriúil maidir le cúrsaí taistil agus iompair agus ceangailte ó thaobh sreanganna teicniúla. Bíonn meascán úsáide, tithíocht, oifigí agus miondiolachán ann. In áit foirgneamh nua a thógáil ar shuíomh glas, bíonn na comhlachtaí mór le rá in earnálacha faisnéise ag lonnú áiseanna tábhachtacha cóngarach do chomhlachtaí eile, do shaotharlanna taighde agus d'ollscoileanna ionas gur féidir smaoine a mhalartú agus dul chun cinn a dhéanamh in éineacht.

COMHFHORBAIRT ÁITE

Teastaíonn fostaíocht, siopaí, scoileanna agus seirbhísí ó phobail nua chun go n-éireoidh leo. Is léir ó thorthaí taighde nach mbaineann an luach is mó ag úinéirí tí ar ghnéithe den fhoirgneamh féin, ach gur mó an luach a bhíonn acu ar an timpeallacht ina bhfuil sé suite. Bíonn an chomharsanacht, sábháilteacht, inmharthanacht, duilliúr agus rochtain ar áiseanna níos tábhachtaí ná foirgnimh tharraingteacha a thógáil. Ní mór iad sin a chruthú trí dhíriú ar an gceangal atá ag na forbraíochtaí faoi leith agus an ceantar máguaird nó, i bhfocail eile, 'comhfhorbairt áite'.

“Teastaíonn fostaíocht, siopaí, scoileanna agus seirbhísí ó phobail nua chun go n-éireoidh leo”

PLEANÁIL

Luaitear ar cheann de na cuspóirí do Chathair na Gaillimhe faoi Chreat Náisiúnta Pleanála an Rialtais ('Tionscadal Éireann 2040') go mbeidh méadú 50-60% faoin mbliain 2040 ar líon na ndaoine agus ar líon na bpost i nGaillimh.



Faoin gCreat Náisiúnta Pleanála is Cathair Réigiúnach ainmnithe i Gaillimh. Sainaitníonn an CNP go bhfuil raon deiseanna á thairiscint ag an gcathair le haghaidh idirghníomhaíocht shóisialta agus phobail, go bhfuil féidearthachtaí nuálaíochta agus ratha ann agus go bhfuil tacaíocht agus deiseanna inti a rachaidh chun leasa réigiún an iarthair i gcoitinne. Tá sé mar sprioc sa CNP go bhfásfaidh an daonra sa chathair faoi idir 40,000 - 45,000 duine faoin mbliain 2040, rud a léireoidh méadú nach mór 55%. Tá leath de na tithe atá le cóiríocht a chur ar fáil don mhéadú seo sa daonra le bheith lonnaithe laistigh den achar reatha tógtha ar thailte lena n-áirítear láithreáin athnuachana / athfhorbraíochta, láithreáin inlíonta agus tailte nach mbaintear dóthain úsáide astu, a bhfuil bonneagar reatha agus beartaithe iompair phoiblí, áineasa, sóisialta agus pobail ann.

Cuirfidh athnuachan an Duga Láir, arna éascú ag forbairt an chalafoirt nua dhomhain, ar chumas chathair na Gaillimhe na beartais agus na cuspóirí don chathair agus don réigiún a bhaint amach, mar a leagtar amach i bpleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Mar thoradh air sin cruthófar ceantar uirbeach nua inmhathana, le meascán úsáide, gar do lár na cathrach, a bheidh neamhspleách ó thaobh seirbhísí, rochtana agus áiseanna de.


I gcomhar le hathnuachan thailte Stáisiún Cheannt, déanfaidh an fhorbairt in éineacht, mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha Cathrach na Gaillimhe, lár na cathrach a shíneadh chuig imeall an uisce agus cuirfidh sé go suntasach le forbairt na cathrach. Cuirfidh sé ar chumas Cathair na Gaillimhe limistéar cónaithe inmhathana ar mheascán úsáidí a sholáthar trí athúsáid tailte athfhorbraíochta, ag teacht le beartais náisiúnta.

“ Tá sé mar fhís ceantar na ndugaí a athbheochan, Calafort na Gaillimhe agus an ceantar ar imeall an uisce a oscailt do na glúnta a mhairfidh i nGaillimh san am atá romhainn, agus áiseanna poiblí nua a chruthú do mhuintir na Cathrach ”



PLEANÁIL DON CHALAFORT NUA

- 1 Síneadh le Forbairt Chalafoirt na Gaillimhe (Tailte, Muirmhúrtha agus Réimsí Dreideála san áireamh)
- 2 Uasghrádú ar Bhóthar agus ar Sheirbhísí Pháirc Fiontraíochta Chalafoirt na Gaillimhe
- 3 Bóthar agus Droichead Loch an tSáile




SÍNEADH LE CALAFORT NA GAILLIMHE

Tá pleananna teicniúla ullmhaithe ag Comhlacht Chalafoirt na Gaillimhe chun an calafort a leathnú. Tá iarratas curtha isteach chuig an mBord Pleanála maidir le haisghabháil tuairim is 24 heictear talún ón bhfarraige, saoráidí nua duganna doimhne maraon le muirmhúrtha gaolmhara, áiseanna stórála, bóithre, iarnród agus gnéithe infreastructúir eile chomh maith le muiríne nua agus clárchosán.

Is é an príomhbhealach isteach ag feithiclí go dtí an síneadh atá beartaithe leis an gcalafort an droichead atá faoi láthair idir an Calafort Láir agus Páirc Fiontraíochta Chalafoirt na Gaillimhe, agus tá soláthar á dhéanamh freisin do cheangal leis an iarnród.

Ordnance Survey Ireland Licence number EN 0016014.
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland

Mar áis tháscach amháin.
Faoi réir cead pleanála



FEARANN POIBLÍ

1. Céibh Bhóthar na nDuganna
2. An Chéibh Thiar Theas
3. Bruach an Chalafoirt
4. An Dug Thoir
5. Cearnóg Gheata na nDuganna
6. Cosán siúil agus raon reatha Loch an tSáile
7. Páirc Loch an tSáile
8. Páirc na Faiche
9. Páirc / Ionad Spraoi Chalafoirt na Gaillimhe
10. Spás Cultúrtha / Imeachtaí

Mar áis tháscach amháin.
Faoi réir cead pleanála.


PÁIRCEANNA, FEARANN POIBLÍ AGUS SPÁS OSCAILTE

FEARANN POIBLÍ

Tá d'aidhm leis an straitéis maidir leis an bhfearann poiblí go gcothófaí tuiscint ag daoine ar chineál na háite, le réimse de chineálacha éagsúla áiteanna tarraingteacha agus spásanna atá taitneamhach ag daoine le siúl tríothu, fanacht iontu gus sásamh a bhaint astu.

Gnéithe príomhthábhachtacha den straitéis maidir leis an bhfearann poiblí is ea:

- struchtúr ginearálta a bhíonn ina shíneadh gan siúnta le lár na cathrach mar atá faoi láthair
- ord cineálacha éagsúla sráideanna agus spásanna cathrach, idir búlbairead a bhfuil crainn leo agus cosáin leathana don trácht tríd an limistéar; sráideanna do choisithe chomh maith le spás teacht i láthair lena ndéantar soláthar do bhealach isteach ag muintir na háite agus ag seirbhísí; spásanna saor ó thrácht do choisithe agus do lucht rothaíochta le bealach isteach ag feithiclí seirbhísí éigeandála amháin; agus spás taitneamhachta ag áitritheoirí inar féidir le leanaí spraoi a dhéanamh go sábháilte



intráchtá go héasca le
treonna agus bealaí so-
aimsithe go nádúrtha



furasta do choisithe agus
do rothaithe gluaiseacht
trí na sráideanna agus na
spásanna

Feictear go mbeidh an limistéar uirbeach nua intráchtach go héasca le treonna agus bealaí so-aimsiúcháin go nádúrtha ionas gur furasta do choisithe agus do rothaithe gluaiseacht trí na sráideanna agus na spásanna. Leagtar amach go mbeidh bealach isteach ag feithiclí áitiúla chuig gach bloc gan an riachtanas ach úsáid a bhaint as cuid de na sráideanna agus de na spásanna sin, agus go mbeidh tús áite ag lucht coisíochta agus rothaíochta. Beidh fearann poiblí ar ardchaighdeán le suíocháin agus plandáil agus racaí rothar lonnaithe ag pointí éagsúla ar fud an tsuímh.

Tagann na cineálacha úsáide atá beartaithe d'úrlár na talún sna foirgnimh agus na hionaid ina mbeidh na bealaí isteach faoi anáil na mbunphrionsabal tráchtach agus gluaiseachta agus na straitéis maidir leis an bhfearann poiblí. Taobh leis na duganna, in aimsir bhreá, is féidir leis an úsáid as urlár na talún eacht amach ar an bhfearann poiblí ionas go gcruthófar gníomhaíocht, éagsúlacht agus ábhar spéise a tharraingeoidh daoine isteach sa cheantar agus ó spás go céile.

Is féidir an Duga Láir atá ann cheana féin a athleagan amach le haghaidh rogha leathan spóirt uisce agus d'fhéadfaí an spás a úsáid le haghaidh imeachtaí agus tarraingtí ar nós ziplíne ó chéibh go céibh.

Tá fearann poiblí ardchaighdeáin beartaithe a bheidh cóiriúil do lucht coisíochta le pábháil, plandáil, soilse, suíocháin agus troscán sráide a bheidh tarraingteach.



SPÁS ILFHEIDHME IMEACHTAÍ

Tá spás imeachtaí faoi leith i gceartlár na Gaillimhe ar fáil ag na Seanduganna inar féidir freastal d'imeachtaí ollmhóra amhail Rás Clipper Timpeall an Domhain agus an Rás Aigéin. I ndáil le himeachtaí den sórt sin, déanfar réimse ardchaighdeáin den fhearann poiblí a chruthú ag an dug. Beidh spásanna tarraingteacha do choisithe sna réimsí thart ar an dug le caiféanna, margaí agus éadanas beo bríomhar leis an tsráid.

Déanfar athdearadh ar Bhóthar na nDuganna le cóiriú dromchla leanúnach ionas gur féidir é a úsáid mar spás poiblí i ndáil le himeachtaí poiblí. Cruthófar ar an gcaoi sin spás cathrach atá níos cóiriúla do dhaoine gan oiread lánai feithiclí ná páirceáil le taobh na sráide, le cosáin níos leithne agus fearann poiblí le hábhar tógála agus caomhchóirithe de chineálacha nua agus cóiriú dromchla leanúnach. Is féidir cineálacha nua úsáide ar urlár na talún (bialanna, caiféanna,



“ Tá spás imeachtaí faoi leith i gceartlár na Gaillimhe ar fáil ag na Seanduganna ”



etc.) feadh Bhóthar na nDuganna a chur ar fáil gan mórán cur isteach ar na foirgnimh mar atá faoi láthair. Is féidir le húsáid de na cineálacha sin leathnú amach ar chosáin níos leithne. Fágfaidh caiféanna i bpaillíuin agus suíocháin taobh amuigh leis na duganna go mbeidh neart áiteanna ag daoine le suí agus lán na súl a bhaint as an radharc ar na duganna.

BEOCHT LE HURLÁR NA TALÚN

Go ginearálta, beidh éadanas beo bríomhar leis na duganna agus leis an tsráid ar urlár na talún sna foirgnimh thart ar an dug - lena n-áirítear, 'spásanna margaidh/ imeachtaí' sochóirithe, bialanna, caiféanna, beáir, etc. le hárasáin chónaithe ardchaighdeáin agus oifigí dhá aghaidh amach ar na hurláir os a chionn, le radharc trasna na nduganna astu go léir.



INMHARTHANACHT

SPRIOCANNA MAIDIR LE FORBAIRT INBHUANAITHE

Leagtar amach 17 Sprioc maidir le Forbairt Inbhuanaithe i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe arna aontú ag ceannairí thíortha an domhain, rialtas na hÉireann san áireamh.

Leagfaidh Comhlacht Chalafort na Gaillimhe plean forbartha inmharthana amach le linn thréimhse an tionscadail, bunaithe ar na spriocanna sin. Plean straitéiseach a bheidh ann a cheadófar go mbainfear an fhís seo amach de réir mar a thagann na deiseanna forbartha chun cinn, roimh, le linn agus i ndiaidh athlonnú gníomhaíochtaí an chalafoirt.

Cáipéis bheo a bheidh sa phlean, a dhéanfar a fhorbairt le himeacht ama de réir mar a fhorbrófar freagairtí earnáil na tógála agus inmharthanacht an dearaidh uirbhig agus de réir mar a ghlacann na pleananna le hathruithe sa timpeallacht rialála. Déanfar é seo i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara agus de réir leibhéal mionsonraithe a bheidh cuí do chéim na forbartha agus na hamhlínte atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid d’fhorbairt inbhuanaithe an limistéir tá freagairtí ar spriocanna agus gníomhaíochtaí áitiúla amhail iad siúd a ndéantar cur síos orthu san fhís seo cheana féin.

AIR_QUALITY
COMFORT
BIODIVERSITY
DIVERSITY_OF_GREEN_SPACES
PUBLIC_SPACE_NETWORK
WATER
QUALITY_OF_LIFE
ECOLOGY
URBAN_HEAT_ISLAND
OPEN SPACE
AND ECOLOGY

URBAN_CENTRES
OPEN_CITY
MIXED_USE
ACCESSIBILITY
PUBLIC_TRANSPORT
SHORT_DISTANCES
BUILDING TYPOLOGIES
NEIGHBOURHOOD
LOCAL_WORK_AND_SHOPPING
BUILT FORM
AND TRANSPORT

ENERGY AND
NATURAL RESOURCES
CO2_REDUCTION
LOCAL_MATERIALS
RENEWABLE ENERGY
RAIN_WATER
HARVESTING
RECYCLING
FOOD_PRODUCTION
BIOCLIMATISM



CONTEXT AND
CULTURE
CREATIVITY
CULTURAL HERITAGE
URBAN VITALITY
IDENTITY
POPULAR FESTIVALS
GASTRONOMY

ECONOMICS AND
ENTREPRENEURSHIP
SOCIAL BENEFITS
TRANSPORT
ENTREPRENEURSHIP
CREATIVITY
FINANCIAL STRATEGIES
FEASIBILITY
EMPLOYMENT SKILLS
COMPETITION SKILLS

COMMUNITY
AND EDUCATION
HEALTH AND WELFARE
MANAGEMENT
ACCESS
INCLUSION
EDUCATION
SPORT
CULTURAL MIX
SOCIAL SUSTAINABILITY

AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA MAIDIR LE CÚRSAÍ AERÁIDE 2019

Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Rialtas na hÉireann maidir leis an Aeráid 2019 aidhmeanna agus spriocanna maidir le nithe éagsúla, ina measc praghsáil carbóin, leictreachas agus an acmhainn gineadóireachta ó fhoinsí inathnuaite, foirgníocht, cúrsaí iompair, fiontraíocht agus teicneolaíocht atá éadrom ó thaobh carbóin a thapú, an dearthóireacht maidir le foirgníocht agus foirgnimh ionas go gcuirtear astaíocht carbóin ar neamhní, úsáid talún, cúrsaí dramhaíola agus an eacnamaíocht thimthriallach.

“Beidh na foirgnimh neodrach ó thaobh carbóin de agus úsáid á baint as ábhar inbhuanaithe in-athchúrsáilte”

STRAITÉIS FUINNIMH

Tugann na cuspóirí faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Cúrsaí Aeráide deis do Chalafort na Gaillimhe bheith mar fhorbraíocht nuálach, uirbeach, cóiriúil don duine, inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de, a fhreastalaíonn ar riachtanais na n-aoisghrúpaí go léir agus na nglúnta atá le teacht.

Glúthchuid den Mháistirphlean an athúsáid agus an géarú úsáide as tailte athfhorbraíochta cóngarach do lár na cathrach, fearann poiblí ardchaighdeáin dea-chóirithe a chruthú do lucht cónaithe cathrach agus athrú ón mbrath ar charranna príobháideacha lena mbaineann idiú fuinnimh ar leibhéal ard.

Beidh na foirgnimh neodrach ó thaobh carbóin de agus úsáid á baint as ábhar inbhuanaithe in-athchúrsáilte, iad ar chaighdeán tí éighníomhaíochta nó a chomhionann, agus leas á bhaint as fuinneamh inathnuaite le painéil fhótavoltacha agus córais nádúrtha aeraithe.

AN DÚLRA & AN BHITHÉAGSÚLACHT

Ciallaíonn feabhas a chur ar chaighdeán na timpeallachta go gcothaítear an dúlra agus an bhitheagsúlacht ón tús.

Bhíodh limistéar an chalafoirt mar atá faoi láthair ina chuid de na bogaigh nádúrtha roimhe seo arb é an limistéar thart ar Loch an tSáile agus murlach na Rinne Móire an chuid de a mhaireann go dtí an lá atá inniu ann. Tá de rún tírdhreach nádúrtha agus conairí bithéagsúlachta a chruthú thart ar Pháirc Fiontraíochta Chalafort na Gaillimhe agus leis na príomhbhealaí infreastruchtúir a cheanglaíonn Loch an tSáile agus murlach na Rinne Móire ionas go dtreiseofar le speicis dúchais, go gcuirfeadh réimse taitneamhachta poiblí ar fáil agus go gcuirfeadh le dreach na háite agus leis an radharc ó cheantar an Chalafoirt Láir le scáilphlandáil d’fhonn foirgnimh a cheilt.

BAINISTÍOCHT TUILTE

Ní mór d’fhorbairt an Chalafoirt freagart don dúshlán a bhaineann le baol tuilte a bhainistiú ar fud an tsuímh iomláin, le meascán de bhearta deartha chun bearta cosanta tuilte a chomhtháthú in úsáid bheartaithe todhchaí an tsuímh. Déanfar é seo le leibhéal nuálaíochta agus lúfaireacht dearaidh sa chaoi is go gcuirfidh na bearta seo leis an bhfearann poiblí. Oibreoidh Comhlacht Chalafort na Gaillimhe le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun na réitigh theicniúla is fearr a bhunú a bheidh i gcomhréir le húsáid inbhuanaithe an duga láir amach anseo. Is féidir le dearadh na mbearta cosanta maidir le tuilte tacú le caomhnú agus léirmhíniú an duga láir stairiúil. Déanfar é seo a dhearadh agus a chur i bhfeidhm le tagairt don phlean caomhnaithe agus an plean inmharthanachta a thiocthaí chun cinn.




SPÁS TAITNEAMHACHTA D’ÁITRITHEOIRÍ

Beidh spás taitneamhachta thart ar gach foirgneamh cónaithe ina spás ag na háitritheoirí chun bualadh lena chéile agus cairdeas a chothú ionas go dtagann meon comharsanachta chun cinn.

Tá á bheartú go bhféadfadh gairdíní pobail agus/nó gairdíní dín a bheith ina gcuid den spás taitneamhachta d’áitritheoirí na bhfoirgneamh cónaithe. Tá scóip freisin ann gairdín sealadach pobail agus bithéagsúlachta a bheith ar thalamh atá i mbéal forbartha agus scéim garraí scóir níos buaine a chur in aice láimhe, taobh le Loch an tSáile nó i bPáirc Fiontraíochta Chalafort na Gaillimhe.



MEASCÁN FÉIDEARTHA FOIRGNEAMH




- Bialann / Beár /
Imeachtaí / Taispeántas
- Óstán
- Aonaid Chónaithe
- Gnó / Tráchtáil
- Meascán Úsáide



**ÚSÁIDÍ
FOIRGNEAMH**

*Mar áis tháscach amháin.
Faoi réir cead pleanála.*



Mar áis tháscach amháin. Faoi réir cead pleanála.

CÉIMEANNA AGUS AMSCÁLA

Is calafort tráchtála é Calafort na Gaillimhe atá á oibriú faoi láthair 24 uair a chloig sa lá.

Tá roinnt de na gnólachtaí á n-aistriú ag an gcalafort de réir a chéile go dtí Páirc Fiontraíochta Chalafoirt na Gaillimhe. Fágfaidh fairsingiú an chalafoirt gur féidir réimsí feidhme uile an chalafoirt a aistriú agus gur féidir dá réir sin an suíomh ina iomláine a fhorbairt ón meántearma go dtí an fadtéarma.




Mar áis tháscach amháin. Faoi réir cead pleanála.



AN SCEIDEAL FORBRAÍOCHTA

	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	2032
SÍNEADH LEIS AN gCALAFORT																			
Pleanáil																			
Dearadh Mionsonraithe																			
Tógáil																			
Oibriúchán																			
FORBAIRT AN DUGA LÁIR																			
Fís an Duga Láir																			
An Creat Dearaidh																			
Pleanáil																			
Céim 1 Tógáil																			
Céim 2 Tógáil																			
Céim 3 Tógáil																			

Mar áis tháscach amháin. Faoi réir cead pleanála.



TEISTIMÉIREACHTAÍ



JOHN ROMERO
romero games



Tagann an tráth a dtuigeann tú gur féidir cluichí a dhéanamh in áit ar bith, agus sin é an tráth a dtosaíonn tú ag cur ceisteanna a bhaineann le caighdeán an tsaoil. An áit iontach í seo do theaghlaigh? An mbíonn saol iontach ann san oíche? An áit shuibhir, stairiúil, shábháilte í? An bhfuil forais oideachais shármhaithe ann? An bhfuil lucht na teicneolaíochta go tréan tréitheach ann? An áit fhíor-álainn í?

Má bhí sí sách maith do Luke Skywalker, tá sí sách maith dúinne freisin. Leis an méid atá ar fáil i nGaillimh, níl sí róchostasach ach oiread.

- An Chathair is Muinteartha ar Domhan, Travel + Leisure
- Príomhchathair Chultúir na hEorpa
- An Chathair is Éagsúla in Éirinn, The Irish Times
- An 25 Cathair is Tábhachtaí san Eoraip san Am atá Romhainn, Financial Times
- Gaillimh ainmnithe mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa
- Príomhchathair Theicneolaíocht an Leighis san Eoraip
- 36 Uair a Chloig i nGaillimh, New York Times
- An Ceann Scríbe is Fearr maidir le Taisteal san Eoraip

Tá cónaí ar 80,000 i nGaillimh, 25% a tháinig ón iasacht. Dá réir sin, tá na daoine fial, fáiltiúil, muinteartha. Tá cuid mhór comhlachtaí móra teicneolaíochta lonnaithe i nGaillimh, ina measc Electronic Arts, Oracle, Cisco, HP agus SAP, chomh maith le breis agus dosaen comhlachtaí neamhspleácha cluichíochta. Tá Gaillimh beo freisin le spásanna gortainne don lucht fiontraíochta.



DOROTHY CREAVEN
rent the runway



Nuair a bhí ionad don chéad oifig idirnáisiúnta de chuid Rent the Runway á lorg againn, roghnaíodh cathair na Gaillimhe ar roinnt cúiseanna éagsúla. Méid na cathrach agus í a bheith buailte ar an bhfarraige, saibhreas chultúr na Gaillimhe, rochtain ar shárchumas in innealtóireacht bogearraí agus ar fhorais oideachais tríú leibhéal, chomh maith le roinnt de na bialanna agus de na féilte is fearr ar domhan. Ní haon ionadh go raibh Gaillimh mar chéad rogha againn.

Agus mé mar Bhainisteoir Stiúrtha, tá ar cheann de na príomhchuspóirí agam innealtóirí bogearraí sárchumasacha a earcú do cheanncheathrú innealtóireachta na hEorpa i nGaillimh. Tar éis dom an chuid is mó de mo shaol oibre a chaitheamh ag obair le comhlachtaí forásacha, i réigiún an iarthair agus go náisiúnta, tá foireann iléagsúil sárchumasach curtha le chéile againn faoin tráth seo a dhéanfaidh fónamh maidir le forás an chomhlachta seo.

Roghnaíodh ionad áisiúil i lár na cathrach ionas gurbh fhurasta do na fostaithe taisteal chuig an oifig agus taitneamh a bhaint as a bhfuil ar fáil sa chathair iontach seo. Tarraingeoidh an athfhorbairt ar limistéar chalafort na Gaillimhe comhlachtaí teicneolaíochta den chineál céanna ar léir dóibh na buntáistí a bhaineann le lonnú sa chathair seo.



Tá cuid mhór comhlachtaí móra teicneolaíochta lonnaithe i nGaillimh, ina measc Electronic Arts, Oracle, Cisco, HP agus SAP



DAMIEN KILGANNON
IDA



Is é Údarás Forbartha Tionscail Éireann an Ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as Infheistíocht Dhíreach Eachtrach ('FDI') a ghnóthú don tír seo. Tá an cumas fostaithe sáraithe a mhealladh agus a choinneáil bunriachtanach maidir le rath a bheith ar na comhlachtaí atá ina gcliaint againn. Bíonn acmhainn mhór gluaiseachta sna daoine sin ó thaobh a gcumais fostaíocht a ghnóthú go hidirnáisiúnta. Dá thoradh sin, braitheann an áit ina socraíonn siad lonnú go mór ar tharraingteacht na háite agus ar chaighdeán an tsaoil san áit sin.

Is ionad rífhíntach é cathair na Gaillimhe maidir le FDI soghluaiste toisc gur tarraingteach an áit í ag fostaithe mar áit chónaithe, oibre agus foghlama agus cuireann earnáil bhríomhar chultúrtha, dár tugadh aitheantas trí Ghaillimh a ainmniú ina Príomhchathair Chultúir na hEorpa sa bhliain 2020, le caighdeán an tsaoil ann. Is deis faoi leith an fhís maidir le hathfhorbairt ar Chalafort na Gaillimhe le cur arís le hacmhainn na Gaillimhe infheistíocht shoghluaiste a ghnóthú agus deiseanna á gcruthú maidir le tograí ar mhórsála i suíomh cois farraige, cóngarach do cheantar bríomhar lár na cathrach. Cuirfidh na pleananna maidir le cineálacha éagsúla úsáide don suíomh le tarraingteacht na Gaillimhe nuair a bheidh ar chumas daoine maireachtáil agus oibriú gar do láthair agus leas a bhaint as modhanna inbhuanaithe taistil, amhail siúl agus rothaíocht.

Tá Údarás Forbartha Tionscail Éireann go daingean den tuairim go bhfuil comharsanachtaí agus ionaid a chruthú lena mbaineann ardchaighdeán maireachtála buntábhachtach maidir le hacmhainn iomaíochta na hÉireann a chinntiú i ndáil le daoine cumasacha a mhealladh, agus infheistíocht FDI dá réir sin.



FOIREANN AN TIONSCADAIL

	CLIAINT Comhlacht Chalafort na Gaillimhe
	AILTIRÍ & PLEANÁLAI THE UIRBEACHA Scott Tallon Walker Architects
	BAINISTÍOCHT TIONSCADAIL, COMHAIRLEOIRÍ PLEANÁLA & COMHSHAOIL MKO Planning & Environmental Consultants
	COMHAIRLEOIRÍ TRÁCHTA AGUS IOMPAIR AECOM
	COMHAIRLEOIR INNEALTÓIREACHTA - SEIRBHÍSÍ SIBHIALTA & STRUCHTÚRTHA TOBIN Consulting Engineers

FAISNÉIS BHREISE

COMHAIRLEOIR RÉADMHAOINE

	Savills 33 SRÁID THEACH LAIGHEAN BAILE ÁTHA CLIATH 2 PSRA - 002233	
--	--	---

www.galway-harbour.com

Fógraíonn na gníomhairí agus an Díoltóir/Léasóir nach ionann na sonraí ná an fhaisnéis a luaitear sa bhróisiúr seo agus cuid ar bith de thairiscint ná de chonradh ar bith agus gur ábhar treorach amháin atá iontu. Is ceart a mheas gur ábhar treorach amháin gach sonra, cuntas, tomhas, tagairt do riocht, cead nó ceadúnas maidir le húsáid nó áitriú, dul isteach nó mionsonraí ar bith eile, mar shampla praghas, cíos nó caiteachas ar bith eile agus go bhféadfadh athrú eacht ina leith. Níl na mapáí ná na pleananna de réir scála agus is meastacháin iad na tomhais. Cé go rabhthas cúramach agus an bróisiúr seo á ullmhú, níor cheart d'aon cheannaitheoir ionchais, léasaí ionchais ná do thríú páirtí ar bith brath ar shonraí ná ar fhaisnéis a luaitear sa bhróisiúr seo mar a bheadh firicí á lua agus ba cheart dóibh ina ionad sin cruinneas na mionsonraí a luaitear leo a dheimhniú iad féin. Níl d'údarás ag Savills ná ag fostaí ar bith de chuid Savills uirioll ná baránta a thabhairt ná a chur chun cinn (go sainráite ná go hintuigthe) maidir leis an áitreabh agus ní thiocfaidh Savills ná fostaí ar bith de chuid Savills ná an díoltóir nó léasóir faoi dhliteanas i ndáil le caillteanas ar bith a tharlaíonn do cheannaitheoir/léasaí ionchais ná do thríú páirtí mar gheall ar na sonraí nó an fhaisnéis atá sa bhróisiúr seo. Tá na praghsanna a luaitear glan ar CBL (mura luaitear a mhalairt) agus déantar an idirbheartaíocht ar fad ar an mbunús gurb iad na ceannaitheoirí/léasaíthe a thiocfaidh faoi dhliteanas maidir le haon CBL a bhíonn le híoc mar gheall ar an socrú. Is le caoinchead Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann a dhéantar na mapáí ar fad a fhoilsiú Ceadúnas Uimh. AU 001799 © Rialtas na hÉireann. Arna dhearadh agus arna fhoilsiú ag Creativeworld. Tel +353 1 447 0553..



GAILLIMHE

— CALAFORT —



Tionscadal Éireann
Project Ireland

2040